Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 21

# Príosúin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus speansais na Seirbhíse Príosúin, agus speansais eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2022, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2021, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €2.604 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2022, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas ina leith seo a leanas:

***Luacháil talún agus foirgneamh***

Tá úinéireacht ag an Aire Dlí agus Cirt ar dhá cheann déag de phríosúin agus d'ionaid choinneála, chomh maith le maoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i bPort Laoise agus maoin cóngarach d'fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, chomh maith le dhá láithreán eile i mBaile Átha Cliath: láithreán beag amháin atá cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus talamh a fuarthas i gcomhair forbairt phríosúin ag Halla Bhaile na Sceach, Cill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath.

Déantar talamh a luacháil de réir luach úsáide nó luach an mhargaidh (mura bhfuil sí in úsáid) sa ráiteas faoi shócmhainní seasta (nóta 2.1) agus déantar foirgnimh phríosúin a luacháil de réir meánchostais athsholáthair in aghaidh gach cillín. Rinneadh an athluacháil is déanaí sa bhliain 2020 agus tugtar faoi athluachálacha nuashonraithe gach cúig bliana, agus rinneadh luacháil neamhspleách sa bhliain 2021 i leith na dtailte ag Halla Bhaile na Sceach. Luadh an fháil atá ar an talamh sin don Ghníomhaireacht Forbartha Talún mar shócmhainn fhéideartha straitéiseach talún Stáit agus tá suim léirithe ag gníomhaireachtaí eile i leith suíomh féideartha do chóiríocht do dhídeanaithe. Tá an luacháil atá ann faoi láthair bunaithe ar an úsáid agus criosú atá ann cheana, agus cuirtear san áireamh inti cáilíocht na talún talmhaíochta, an suíomh agus éadanas bóthair agus ní chuirtear san áireamh go sonrach inti luach méadaithe ar bith atá bunaithe ar aon talamh a athchriosú a d'fhéadfadh tarlú le húsáid mhalartach a bhaint aisti agus mar sin leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar an luacháil.

***Dímheas***

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

***Ábhair inchaite***

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais agus ní áirítear i stoic iad.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

### *Timpeallacht um rialú airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ag feidhmiú taobh istigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

### *Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta*

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa cheadaithe. Anailís ar na rioscaí airgeadais agus bainistíochta a bheadh i gceist don Roinn agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a threoraíonn obair an choiste. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus cuirtear an anailís sin san áireamh iontu. Féachtar leis an bplean leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar achar ama réasúnach. Sannadh foireann iniúchóireachta ar leith chun dul i mbun oibre ar shaincheisteanna iniúchóireachta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann in 2022 agus leis sin leagtar béim níos mó ar obair iniúchóireachta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS) go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú chomh fada agus atá siad sin faoina smacht.

Thuairiscigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann 20 conradh neamhiomaíocha mar chuid de thuairisceán chiorclán 40/2002 do 2022, agus comhlíonadh gach ceann acu cé is moite de 5 chonradh arbh fhiú €277,330 san iomlán iad (gan CBL a áireamh) mar gheall ar na conarthaí a bheith síneadh thar a ndáta conartha bunaidh.

Tá gach ceann de na 5 sholáthar faighte ó shin agus tá conarthaí bailí i bhfeidhm anois. Tá mionsonraí an chonartha seo san áireamh sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm i ndáil le gach Príosún agus stiúrthóireacht agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach agus lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann ar gach leibhéal agus déantar iad a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí is atá siad. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (Foireann Ceannaireachta Stiúrthóirí) an clár rioscaí corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Bainistíochta Riosca, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá monatóireacht agus athbhreithniú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

*Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Ag eascairt ó mholtaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, bíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, Baincéireacht, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na próisis leanúnachais gnó/aisghabhála i gcás tubaiste. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cur cuntasaíocht chomhtháite agus córais rialaithe stoic i bhfeidhm sna siopaí príosúin faoi láthair chun na rialuithe atá i bhfeidhm a neartú tuilleadh, tá na córais fós ag leabú leis an monatóireacht rialta ón Stiúrthóireacht Airgeadais. Laghdaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann an líon cuntas bainc tráchtála atá aici ó 25 cinn sa bhliain 2021 go 20 ceann sa bhliain 2022. Tá clár leanúnach oibre ann chun monatóireacht fheabhsaithe agus tuairisciú feabhsaithe a chur i bhfeidhm ar na cuntais bhainc sin.

*Paindéim Covid-19*

Táthar ag díriú go mór ar thionchar phaindéim Covid-19 ó thosaigh sí agus bhí tionchar leathan suntasach aici ar oibríochtaí príosún ó tharla go bhfuil timpeallacht ardriosca ag na príosúin i leith víris den chineál sin a scaipeadh. Tharla ráigeanna d’ionfhabhtú i ngach príosún agus ó tharla gur tháinig athraitheach Omicron den ghalar ag an am céanna agus an leibhéal in-tarchurthachta a bhain leis, ba ag deireadh na bliana 2021/i dtús na bliana 2022 a tháinig dhá thrian de chásanna uile Covid-19 a deimhníodh i measc na bpríosúnach chun cinn. Ba mhór an dúshlán do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an phaindéim ó thaobh leibhéil soláthair foirne leordhóthanacha a choinneáil agus ó thaobh an méadú mór atá tagtha ar líon na dtástálacha atá de dhíth a láimhseáil (idir PCRanna agus tástálacha Antaigine) d’fhonn scaipeadh an víris a íoslaghdú. Mar thoradh ar na bearta sin, d’éirigh go hiontach le Seirbhís Phríosúin na hÉireann an tionchar atá ag Covid-19 a íoslaghdú. Tarlaíonn ráigeanna ionfhabhtuithe i bpríosúin fós, a mbíonn deacrachtaí bainistíochta agus soláthair foirne mar thoradh orthu, cé go dtarlaíonn sé sin ar bhonn atá i bhfad níos laghdaithe.

Bhí tionchar mór ann ar chostas agus meastar €3 mhilliún a bheith tabhaithe sa bhliain 2022 (€5 mhilliún sa bhliain 2021) mar thoradh díreach ar an bpaindéim ar nithe amhail:

- Costais foirne (go háirithe i ndáil le baill foirne cúraim sláinte ionaid/gníomhaireachta bhreise)
- PPE leighis
- Bearta braite víris (tástálacha Covid-19 agus gairis monatóireachta teochta)
- Domhainghlanadh agus rialú ionfhabhtuithe
- Glanadh tionsclaíoch
- Éadaí leapa, níochán agus teagmhais lónadóireachta
- TFC ar mhaithe le seirbhísí feabhsaithe do phríosúnaigh agus le cianobair do bhaill foirne

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Príosúin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 21 Príosúin

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin | | | | |
| | *Bunaidh* | 401,307 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,601 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,799 | | | |
| | | | 417,707 | 412,631 | 392,389 |
| **Ollchaiteachas** | | | **417,707** | **412,631** | **392,389** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,581 | | | |
| | *Forlíontach* | 828 | | | |
| | | | **10,409** | **11,142** | **10,568** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 391,726 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,601 | | | |
| | *Forlíontach* | 11,971 | | | |
| | | | **407,298** | **401,489** | **381,821** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €3.205 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann A.3 Foirgnimh agus trealamh ar aghaidh chuig 2023.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 5,809,263 | 9,031,130 |
| Géilleadh iarchurtha | (3,205,000) | (3,601,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,604,263** | **5,430,130** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 103,586 | 102,286 |
| Pá | | 289,622 | 271,455 |
| Neamhphá | | 19,423 | 18,648 |
| **Ollchaiteachas** | | **412,631** | **392,389** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **11,142** | **10,568** |
| **Glanchaiteachas** | | **401,489** | **381,821** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (27,629) | | |
| Dímheas | 3,906 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | (23,717) | (25,090) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 381 | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh | (564) | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 83 | | |
| Laghdú ar fhardail | 170 | 70 | (6,131) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **377,842** | **350,600** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 79,734 | 76,191 |
| **Glanchostas an chláir** | | **457,576** | **426,791** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an ghlansuim caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 21 a tabhaíodh in áit éigin eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 369 | 270 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 78,128 | 74,707 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 145 | 145 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 329 | 324 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart (An tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais) | 738 | 719 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 25 | 26 |
| | | **79,734** | **76,191** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,410,635 | 1,386,918 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 20,042 | 17,083 |
| Fardail | 2.3 | 1,749 | 1,919 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 4,358 | 3,794 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 111 | 194 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 588 | 1,617 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **26,848** | **24,607** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 3,711 | 3,330 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 17,365 | 15,010 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 3,265 | 3,690 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **24,341** | **22,030** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,507 | 2,577 |
| **Glansócmhainní** | | **1,413,142** | **1,389,495** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **1,413,142** | **1,389,495** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil [a]

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótarfheithiclí | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 1,321,303 | 79,417 | 759 | 13,326 | 55,157 | 1,469,962 |
| Breiseanna | 2,560 | 2,959 | — | 2,076 | 20,034 | 27,629 |
| A tugadh isteach chun úsáide | 4,976 | — | — | — | (4,976) | — |
| Diúscairtí | — | (447) | (6) | (1,892) | — | (2,345) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 1,328,839 | 81,929 | 753 | 13,510 | 70,215 | 1,495,246 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | — | 71,381 | 697 | 10,966 | — | 83,044 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,622 | 17 | 1,267 | — | 3,906 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (443) | (4) | (1,892) | — | (2339) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | | 73,560 | 710 | 10,341 | — | 84,611 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **1,328,839** | **8,369** | **43** | **3169** | **70,215** | **1,410,635** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 1,321,303 | 8,036 | 62 | 2,360 | 55,157 | 1,386,918 |

Nóta [a] Tá tús curtha ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann le tairseach €10,000 a chur i bhfeidhm chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú maidir le breiseanna sócmhainní ón 1 Eanáir 2021 i leith.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 19,880 | 16,839 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 162 | 244 |
| | **20,042** | **17,083** |

**Cuntais bhainc neamh-Vóta**

Tá 20 cuntas bainc tráchtála ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann an t-airgead sna cuntais sin a bhainistiú ar leithligh ó na cistí vótáilte agus baineann sé le siopaí príosúin, le Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh agus le dhá chuntas d'airgead tirim pearsanta na bpríosúnach. Gan íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair a áireamh, ar íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta nó a íoctar as. Is é €3,949,155 an tsuim a bhí á coinneáil ag deireadh na bliana 2022 agus ní áirítear an tsuim sin sa chuntas (2021: €3,478,046). Féach nóta 6.6 freisin

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Éidí agus éadach | 1,692 | 1,863 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 57 | 56 |
| | **1,749** | **1,919** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Riarachán Roinne | 2,770 | 2,713 |
| (TFC go príomha - cothabháil córais agus tacaíocht, lena n-áirítear ceadúnas) | | |
| A.3 Foirgnimh agus trealamh<br>(lena n-áirítear costais maidir le cothabháil córas TFC agus tacaíocht dóibh agus costais cíosa foirgneamh) | 582 | 174 |
| A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh | 304 | 281 |
| (costais seirbhísí athlonnaithe den chuid is mó) | | |
| A.5 Seirbhísí oibríochtúla | 596 | 576 |
| (go príomha seirbhísí cumarsáide a sholáthraíonn Tetra agus seirbhísí slándála eile) | | |
| A.6 Seirbhísí oideachais | 106 | 50 |
| | **4,358** | **3,794** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Fáltais a bhaineann le párolla | 96 | 155 |
| Fáltais oiliúna oibre | 15 | 5 |
| Cúiteamh agus dlí | — | 34 |
| | **111** | **194** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Cuntais óinchistí príosúin | 392 | 278 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 196 | 392 |
| Cuntas fionraí párolla (Paypath) | — | 947 |
| | **588** | **1,617** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí do phríosúnaigh | 1,781 | 1,555 |
| Foirgnimh agus trealamh | 521 | 882 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 506 | 288 |
| Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 435 | 163 |
| Taisteal agus cothú | 175 | 139 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 21 | 118 |
| Seirbhísí oibríochtúla | 182 | 103 |
| Seirbhísí oideachais | 67 | 82 |
| Cúiteamh | 23 | — |
| | **3,711** | **3,330** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 9,012 | 7,030 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 4,425 | 3,698 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 105 | 134 |
| Cáin bhreisluacha | 1,331 | 1,539 |
| Cáin conraitheoirí cláraithe | 17 | — |
| Cáin a asbhaineadh as aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin | 5 | 1 |
| | 14,895 | 12,402 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta | 162 | 244 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 935 | 933 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 1,373 | 1,431 |
| | **17,365** | **15,010** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 2,604 | 5,430 |
| Géilleadh iarchurtha | 3,205 | 3,601 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (2544) | (5,341) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **3,265** | **3,690** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 20,042 | 17,083 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 588 | 1,617 |
| | 20,630 | 18,700 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (14,895) | (12,402) |
| Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta | (162) | (244) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,308) | (2,364) |
| | (17,365) | (15,010) |
| | **3,265** | **3,690** |

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 1,389,495 | 1,401,064 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 407,298 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (3205) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2604) | | |
| Glanvóta | | | 401,489 | 381,821 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 79,734 | 76,191 |
| Athluacháil sócmhainní (neamhairgead) | 2.1 | | — | (42,790) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (457,576) | (426,791) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **1,413,142** | **1,389,495** |

## 2.11 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Tionscadail chaipitil | 3,529 | 14,985 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **3,529** | **14,985** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021** | **Caiteachas in 2022** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail 2022** | **Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail 2021 [a]** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Príosún Luimnigh [a] | 54,254 | 11,599 | 2,247 | 68,100 | 68,100 |
| | **54,254** | **11,599** | **2,247** | **68,100** | **68,100** |

Nóta [a] Áirítear san athfhorbairt ar Phríosún Luimnigh síneadh a chur le sciathán den phríosún atá ann cheana, saoráid nua do mhná agus roinnt oibreacha gaolmhara eile. Tógfar foirgneamh nua freisin don tSeirbhís Phromhaidh, a ndéanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú air, dar luach €3.4 milliún.

## 2.12 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana 2022 ná sa bhliain roimhe sin.

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Áirítear ar na dliteanais theagmhasacha éilimh ar chúiteamh a bhaineann le sláintíocht sna cillíní atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá neamhchinnteacht ann maidir le suim iarbhír nó tráthúlacht na ndliteanas féideartha. Féach freisin nóta 6.2 Costais chúitimh agus dlí

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Chun costais iomlána na gclár a chur i láthair, áirítear i gClár A an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos.

| | | | | 2022 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 278,253 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,770 | | | |
| | | | | 290,023 | 289,622 | 271,455 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,316 | | | |
| | | *Forlíontach* | 139 | | | |
| | | | | 2,455 | 2,272 | 1,645 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,280 | | | |
| | | *Forlíontach* | 505 | | | |
| | | | | 4,785 | 4,084 | 4,020 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (169) | | | |
| | | | | 1,631 | 1,600 | 1,670 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,230 | | | |
| | | *Forlíontach* | 560 | | | |
| | | | | 9,790 | 11,467 | 11,313 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | | — | — | — |
| | | | | **308,684** | **309,045** | **290,103** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000).

**vi Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas*

Mar gheall nach raibh gá le seirbhísí comhairleoireachta i rith na bliana, tharla an choigilt €100,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh.

## Clár A Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 278,253 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,770 | | | |
| | | | | 290,023 | 289,622 | 271,455 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,726 | | | |
| | | *Forlíontach* | 935 | | | |
| | | | | 18,661 | 19,423 | 18,648 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 55,738 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 3,601 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2634) | | | |
| | | | | 56,705 | 52,293 | 54,419 |
| A.4 | Seirbhísí do phríosúnaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 31,976 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,218 | | | |
| | | | | 34,194 | 34,838 | 32,801 |
| A.5 | Seirbhísí oibríochtúla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,250 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,535 | | | |
| | | | | 6,785 | 6,623 | 4,726 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | | | 1,265 | 1,433 | 914 |
| A.7 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,873 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1025) | | | |
| | | | | 9,848 | 8,129 | 9,152 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine) | | | 226 | 270 | 274 |
| | | | | **417,707** | **412,631** | **392,389** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €7.723 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire (lena n-áirítear soláthar caipitil iarchurtha) Áiríodh orthu sin róchaiteachas €13.066 milliún maidir le caiteachas riaracháin.

**A.3 Foirgnimh agus trealamh**

*Soláthar meastacháin €59.339 milliún; toradh €52.293 milliún*

Sábháladh €7.046 milliún i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €59.339 milliún mar gheall, go príomha, gur cuireadh moill ar obair thógála i dtús na bliana 2022 tar éis an tionchair a bhí ag an athraitheach Omicron de víreas Covid-19. Cuireadh isteach ar shlabhraí soláthair freisin mar gheall ar dheacrachtaí a bhain leis an bhfáil a bhí ar lucht saothair tógála, le tionchar leanúnach an Bhreatimeachta agus leis an gcogadh san Úcráin. Rinneadh €3.205 milliún den ganntchaitheamh caipitil sin a thabhairt ar aghaidh go 2023 faoi sholáthairtí caipitil iarchurtha.

**A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh**

*Soláthar meastacháin €31.976 milliún; toradh €34.838 milliún*

Is mar thoradh, go príomha, ar an líon níos mó príosúnach chomh maith le méaduithe boilscithe maidir le lónadóireacht príosúnach agus costais leighis a bhí barrachas €2.862 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €31.976 milliún.

**A.5 Seirbhísí oibríochta**

*Soláthar meastacháin €5.25 milliún; toradh €6.623 milliún*

Is mar thoradh ar ghéarú ar an gclár athsholáthair feithiclí agus méaduithe boilscithe maidir le costais slándála a bhí barrachas €1.373 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €5.25 milliún.

**A.6 Seirbhísí oideachais**

*Soláthar meastacháin €1.265 milliún; toradh €1.433 milliún*

Is mar thoradh, go príomha, ar líon níos mó príosúnach agus costais mhéadaithe chun seirbhísí agus ábhair oideachais a chur ar fáil a tharla barrachas €168,000.

**A.7 Cúiteamh**

*Soláthar meastacháin €10.873 milliún; toradh €8.129 milliún*

Sábháladh €2.744 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €10.873 milliún mar gheall ar thréchur éileamh a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis maidir le cásanna sláintíochta sna cillíní agus éilimh eile ar chúiteamh. Is mír chostais é seo arna treorú ag éileamh arna bainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus athraíonn an caiteachas ag brath ar chandam, líon agus uainiú deireanach na ndámhachtainí.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Earraí Ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 305 | | | |
| | *Forlíontach* | 124 | | | |
| | | | 429 | 351 | 443 |
| 2 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | 226 | 270 | 274 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,050 | | | |
| | *Forlíontach* | 704 | | | |
| | | | 9,754 | 10,521 | 9,851 |
| | **Iomlán** | | **10,409** | **11,142** | **10,568** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1.561 milliún níos airde ná an soláthar meastacháin bunaidh €9.581 milliún. Ba de bharr an méid seo a leanas é sin den chuid is mó:

**3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €9.05 milliún; réadaithe €10.521 milliún*

Bhain an barrachas €1.471 milliún d'ioncam i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €9.05 milliún go díreach le costais mhéaduithe tuarastail mar thoradh ar an síneadh a cuireadh leis an mBeart Pá Seirbhíse Poiblí 'Building Momentum'.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **3,493** | **3,476** |

### 5.2 Pá

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 176,439 | 167,717 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 415 | 407 |
| Liúntais eile | 42,417 | 39,989 |
| Freastal breise agus ragobair | 45,455 | 40,591 |
| ÁSPC an Fhostóra | 24,896 | 22,751 |
| **Pá iomlán** | **289,622** | **271,455** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2022** | **2021** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 82 | 4 | 13,870 | 25,408 |
| Freastal breise agus ragobair | 3,142 | 2,271 | 77,138 | 54,048 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,973 | 1,621 | 30,061 | 20,237 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 3,203 | 65 | 13,560 | 13,266 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3,183 | 2,969 | 96,253 | 72,660 |

## 5.4 Soláthar foirne Sheirbhís Phríosúin na hÉireann de réir banda pá

Is mar seo a leanas a bhí líon na bhfostaithe de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 aníos.

| Banda pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 845 | 989 |
| 60,000 | 69,999 | 411 | 413 |
| 70,000 | 79,999 | 486 | 661 |
| 80,000 | 89,999 | 864 | 941 |
| 90,000 | 99,999 | 578 | 346 |
| 100,000 | 109,999 | 217 | 85 |
| 110,000 | 119,999 | 51 | 26 |
| 120,000 | 129,999 | 24 | 10 |
| 130,000 | 139,999 | 9 | 3 |
| 140,000 | 149,999 | 4 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 2 | — |
| 160,000 | 169,999 | — | — |
| 170,000 | 179,999 | — | — |
| 180,000 | 189,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €123,257 san iomlán le 27 státseirbhíseach scortha atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh le haghaidh dualgais éagsúla. Idir €341 agus €33,131 a bhí na híocaíochtaí. Íocadh €22,186 san iomlán le cúigear comhaltaí scortha den Gharda Síochána ar fhostaigh Seirbhís Phríosúin an hÉireann iad le haghaidh dualgais shonracha le linn na bliana 2022.

Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne scortha agus i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 247 | 538,571 | 543,047 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 131 | 230,163 | 272,808 |

Ní raibh duine ar bith ann a raibh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí acu agus a d'aistrigh chuig Roinn eile sa bhliain 2022. Áirítear sna mionsonraí thuas roinnt cásanna pinsean coinnithe. Tá roinnt pleananna aisghabhála aisíocaíochta sa bhreis curtha i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is í an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21 Príosúin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24 Dlí agus Ceart freisin. Nochtar a luach saothair agus a sochair sa Chuntas Leithreasa do Vóta 24.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Daonra na bpríosún

B'ionann an meánlíon measta príosúnach in aghaidh an lae sa bhliain 2022 agus 4,120 duine (2021: 3,794 dhuine).

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain**

| | Éilimh uathu seo | | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | | príosúnaigh, ag éirí as díobhálacha agus gníomhartha eile a bhain le príosúnaigh | daoine den phobal | 2022 | 2021 |
| | Éilimh shibhialta - díobhálacha agus iad ar dualgas agus saincheistean na eile | An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla – díobhálacha d'fhoireann príosúin | | | | |
| Líon na gcásanna | 95 | 95 | 337 | 24 | 551 | 1,382 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann | 200 | — | 558 | 24 | 782 | 1,011 |
| Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann | | | | | | |
| Cúiteamh | 1,065 | 1,729 | 1,326 | 342 | 4,462 | 5,992 |
| Costais dlí | 328 | — | 1,327 | 11 | 1,666 | 2,009 |
| Costais eile | 76 | — | 197 | 14 | 287 | 131 |
| **Iomlán 2022** | **1,669** | **1,729** | **3,408** | **391** | **7,197** | **9,143** |
| Iomlán 2021 | 1,438 | 1,505 | 6,033 | 167 | 9,143 | |

Nóta Amhail an 31 Nollaig 2022, b'ionann líon na n-éileamh gníomhach gan réiteach a bhí cláraithe ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus 1,056 éileamh (2021: 1,465 éileamh). B'ionann luach na gcostas dlí a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le 23 chás neamhchúitimh agus €909,969 (2021: €142,813).

Áirítear ar na héilimh gan réiteach a bhí cláraithe ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 600 cás a bhaineann le cásanna sláintíochta sna cillíní. Mar thoradh ar bhreithiúnas gaolmhar ón gCúirt Uachtarach; tá scéim curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun dul i ngleic leis na héilimh sin. Déantar na costais a bhaineann le cúiteamh ar bith ón scéim seo a íoc as Vóta na bPríosún. Áirítear sa tsuim €3.408 milliún a íocadh i gcostais chúitimh agus dlí ón tábla thuas, i ndáil le héilimh arna dtabhairt ag príosúnaigh, €1.201 milliún i gcúiteamh (2021: €3.735 milliún) agus €430,805 (2021: €555,000) i gcostais dlí i ndáil le cásanna sláintíochta sna cillíní a tugadh chun críche. B'ionann na costais iomlána a bhain le cásanna sláintíochta cille agus €11.213 milliún ag deireadh 2022 (2021: €9.581 milliún).

Measann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát gur dócha go mbeidh costas deiridh cásanna sláintíochta idir €15 mhilliún agus €20 milliún.

Amhail an 31 Nollaig 2021, níl aon chostais dlí gan íoc (2021: €nialas) dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2022**

| | **Éilimh uathu seo** | | | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **foireann príosúin** | **príosúnaigh** | **daoine den phobal** | |
| Líon na gcásanna | 45 | 501 | 8 | 554 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann | 210 | 3,213 | 6 | 3,429 |
| Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 1,496 | 1,164 | 85 | 2,745 |
| Costais dlí | 453 | 1,918 | — | 2,371 |
| Costais eile | 95 | 298 | 6 | 399 |
| **Iomlán** | **2,254** | **6,593** | **97** | **8,944** |

## 6.3 Costais adhlactha príosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €21,721 (2021: €8,915) i dtreo speansais adhlactha ceathrar príosúnach a cailleadh agus iad i bpríosún.

## 6.4 Caillteanais airgid

Sainaithníodh roinnt caillteanas airgid dar luach €453 san iomlán (2021: €4,841) ar fud cúig phríosún le linn na bliana 2022.

## 6.5 Ús i ndáil le híoc pras cuntas

B'ionann an t-ús a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain 2022 i ndáil le híocaíochtaí prasa agus €3,839 (2021: €10,013).

## 6.6 Oibríochtaí eile airgeadais laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, tagann roinnt oibríochtaí eile airgeadais chun cinn laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí atá i gceist le dhá chuntas bainc d'airgead tirim príosúnach, siopaí príosúin (lena n-áirítear cuntas bainc lárnach na siopaí príosúin) agus Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh. Seo a leanas na mionsonraí:

- **Príomhchuntas chistí pearsanta na bpríosúnach** - Coimeádtar príomhchuntas bainc go sonrach do chistí pearsanta príosúnach agus bainistíonn Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún é. Ag fágáil an phríosúin do phríosúnaigh, faigheann siad iarmhéid a gcuid cistí pearsanta as an gcuntas sin. Ba é €1,693,517 iarmhéid an chuntais amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €1,430,914). Is ionann é sin is iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana ach lena n-áirítear freisin díolacháin iomlána na siopaí príosúin i mí na Nollag (tuairim is €600,000 de ghnáth) a aistrítear go gairid tar éis dheireadh na míosa, chuig cuntais bhainc na siopaí príosúin cuí chun íocaíocht le soláthraithe i ndáil le ceannacháin mhí na Nollag a éascú.

- **Cuntas chistí na bpríosúnach** - Tá cuntas bainc eile in úsáid le haghaidh chistí pearsanta na bpríosúnach ó bhí an bhliain 2020 ann. Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún a dhéanann an cuntas sin a bhainistiú freisin. Is féidir le teaghlaigh na bpríosúnach cistí a aistriú chuig an gcuntas sin trí RAA nó le cárta An Post chuig a nduine muinteartha sa phríosún. Theastaigh sé sin mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus cuireann sé deireadh freisin le roinnt den riosca a bhaineann le hairgead tirim a láimhseáil. Ar aon dul leis an bpróiseas atá i bhfeidhm leis na príosúin, déantar na cistí a chuirtear sa chuntas bainc sin a aistriú gach seachtain chuig príomhchuntas chistí pearsanta na bpríosúnach. Ba é €207,930 iarmhéid an chuntais ag an 31 Nollaig 2022 (2021: €157,841).

- **Siopaí príosúin** - Tá siopa inmheánach ('siopa sólaistí') i ngach príosún, áit ar féidir le príosúnaigh earraí amhail táirgí milseogra agus earraí maisíochta a cheannach. Íoctar as na hearraí ó chistí aonair na bpríosúnach. Maoinítear an ceannach don siopa as díolacháin do phríosúnaigh agus, ó bhí Feabhra 2021 ann, aistrítear 'glanbharrachas' ar bith a ghintear chuig cuntas bainc na siopaí príosúin a bhainistítear go lárnach. Le linn 2022, dúnadh trí chuntas bainc siopaí príosúin a bhí á mbainistiú go háitiúil. Ba é iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc maidir leis na hocht siopa príosúin a bhí fanta amhail an 31 Nollaig 2022 ná €442,779 (2021: €425,954). Ba é luach an stoic ar láimh ná €402,868 (2021: €351,366).

- **Cuntas Bainc Lárnach na Siopaí Príosúin —** Ó Fheabhra 2021 i leith, tá cuntas bainc lárnach na siopaí príosúin in úsáid, a mbainistíonn Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún é. Gintear na cistí sa chuntas seo ón mbarrachas ó na siopaí príosúin uile agus maoineofar cásanna cruatain príosúnach leo trí phróiseas leithdháilte a bhainistítear go lárnach.
  Ba é €1,145,139 iarmhéid an chuntais amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €424,022).

- **Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh (CCCP)** - Tá úsáid á baint as na hiarmhéideanna atá fanta i gcuntais bhainc CCCP chun tionscadail cruatain príosúnach agus tionscadail ghaolmhara a mhaoiniú agus, dé réir mar a ghlantar na hiarmhéideanna, dúnfar na cuntais bhainc CCCP. Dúnadh dhá chuntas bainc CCCP a bhí á mbainistiú go háitiúil le linn 2022. Ba é iomlán na n-iarmhéideanna maidir leis na naoi gcuntas bainc a bhí fanta amhail an 31 Nollaig 2022 ná €459,790 (2021: €1,039,315).

- **Coistí Deonacha Bialann (CDB**) - Tá siad i mbun oibre in ocht bpríosún chun comhordú a dhéanamh ar riar oibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach. Feidhmíonn na Coistí Deonacha Bialann mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus atá neamhspleách uirthi. Tugadh athbhreithniú neamhspleách ar fheidhmiú na CDBanna chun críche in Aibreán 2022 agus de bhun na moltaí ó thuarascáil an athbhreithnithe, coimisiúnaíodh post a bhí dírithe ar shamhail optamach a fhorbairt chun béilí don fhoireann a chur ar fáil. Tá sé sin fós ar bun faoi láthair.

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha sa bhliain 2022 comhdhéanta de choigilteas €3.205 milliún i gcaiteachas caipitil san fho-mhírcheann seo a leanas a tugadh ar aghaidh chuig an mbliain 2023.

| | **€000** |
|---|---:|
| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:** | |
| A.3 Foirgnimh agus trealamh | 3,205 |
| | **3,205** |